# 2 Maoiniú an rialtais láir d'údaráis áitiúla

Faigheann údaráis áitiúla go leor dá maoiniú bliantúil ó ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla den rialtas láir (féach Fíor 2.1).

Rinneadh an scrúdú seo le forléargas a thabhairt ar na cistí a shreabhann ó fhoinsí rialtais láir agus tríothu, chuig údaráis áitiúla agus ar na cuspóirí ar soláthraíodh na cistí sin lena n-aghaidh. Bhain sé le hathbhreithniú ar fhaisnéis a chuir 14 roinn agus oifig ar fáil maidir lena maoiniú d'údaráis áitiúla; agus cáipéisíocht ábhartha eile. Rinne an fhoireann imscrúdaithe réamhbhreithnithe ar an láthair freisin ar na próisis mhaoinithe sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Roinn Iompair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Léirítear sa tuarascáil ainmneacha na vótaí agus na ranna mar a bhí feidhm acu sa bhliain 2024.

**Fíor 2.1 Sreabhadh an mhaoinithe ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla in 2024**




Foinse: Aguisín 2A. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Seans nach ionann an sreabhadh maoinithe chuig an gCiste Rialtais Áitiúil agus sreabhadh maoinithe ar ais in aon bhliain faoi leith.

## Cuid 1 Aistrithe an rialtais láir agus iarratas ar mhaoiniú rialtais láir

In 2024, b'ionann an maoiniú a thug an rialtas láir d'údaráis áitiúla agus thart ar €8.6 billiún. Glanmhéadú de bheagnach €1.9 milliún (28%) a bhí ann i gcomparáid le 2023. Tá maoiniú rialtais láir do na húdaráis áitiúla tar éis méadú faoi níos mó ná dhó oiread ó bhí 2019 ann (féach Fíor 2.2).

Is iad bunfhoinsí an mhaoinithe rialtais láir ná an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta — trí Vóta 34 agus Ciste an Rialtais Áitiúil — agus an Roinn Iompair.

Ba iad príomhchuspóirí an mhaoinithe a deonaíodh sa bhliain 2024 tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar, chomh maith le réimse leathan tacaíochtaí tithíochta eile; infheistíocht iompair; síntiús le haghaidh gníomhaíochtaí ginearálta údaráis áitiúil (tacaíocht bhuiséid); tacaíochtaí gnó; agus tacaíocht do thograí comhshaoil (féach Fíor 2.3).

Sa bhliain 2024, tháinig méadú tuairim is €1.3 billiún (+34%) ar an maoiniú le haghaidh tithíochta agus athnuachana.

**Fíor 2.2 Maoiniú an rialtais láir, 2019 – 2024**




**Fíor 2.3 Anailís rangaithe de mhaoiniú an rialtais láir de réir na catagóire cláir, 2024**




Foinse: Aguisín 2A

Nóta: a Ní chuirtear san áireamh fáltais €59 milliún ó údaráis áitiúla le haghaidh ranníocaíochtaí breise aoisliúntais agus táillí iniúchta.

## Cuid 2 Tithíocht agus athnuachan

Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta formhór an mhaoinithe ar fáil do chaiteachas údaráis áitiúil ar thithíocht agus athnuachan — thart ar 96% sa bhliain 2024 (2023: 98%). Caitheann na húdaráis áitiúla an maoiniú ar stoc tithíochta sóisialta a sholáthar (arb iad na húdaráis áitiúla nó na comhlachtaí tithíochta ceadaithe a bhainistíonn é) agus ar thacaíochtaí tithíochta eile. Áirítear leis na tacaíochtaí sin an íocaíocht cúnaimh tithíochta (**ÍCT** ), an scéim cóiríochta cíosa (SCC) agus cóiríocht do dhaoine gan dídean.

Baintear úsáid as an maoiniú chomh maith chun feabhas a chur ar aonaid reatha tithíochta údaráis áitiúil agus deontais oiriúnaithe a sholáthar do dhaoine breacaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Bhí thart ar €137 milliún den mhaoiniú a chuir an Roinn ar fáil d'údaráis áitiúla faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU). Tacaíonn an CAFU le forbairt níos dlúithe agus níos inbhuanaithe a sheachadadh ar fud chathracha agus bhailte móra na hÉireann. Cuireadh maoiniú €16 milliún ar fáil do bhonneagar tithíochta sa bhliain 2024, agus bhain €12 milliún de sin leis an gCiste Gníomhachtaithe Tithíochta Bonneagair Áitiúil.

Dáileann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar na húdaráis áitiúla freisin chun athnuachan tuaithe a dhéanamh — €70 milliún sa bhliain 2024 (2023: €62 milliún). Baintear úsáid as an maoiniú seo chun tacú le scéimeanna atá dírithe ar fhoirgnimh fholmha, ar bhonneagar le tithíocht a fhorbairt i lár bailte, agus ar áiseanna pobail nó poiblí a fhorbairt a chuireann leis an oidhreacht nó a fheabhsaíonn acmhainní pobail eile.

**Fíor 2.4 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla chun infheistíocht a dhéanamh sa tithíocht agus san athnuachan, 2019 – 2024**




**Fíor 2.5 Miondealú an mhaoinithe chun críocha tithíochta agus athnuachana, 2024**




Foinse: Aguisín 2A

Nótaí: a Cuirtear maoiniú beagnach €151 milliún san áireamh ón leithdháileadh de cháin mhaoine áitiúil a bhfuil ar údaráis áitiúla os cionn ar bhonnlíne a chaitheamh ar thithíocht in ionad mhaoiniú an Státchiste.

b Cuirtear san áireamh maoiniú thart ar €407,000 ón Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

## Cuid 3 Infheistíocht iompair

Cuireann an Roinn Iompair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla le hinfheistiú i mbóithre agus san iompar poiblí (féach Fíor 2.6 agus Fíor 2.7).

Cuireann an Roinn Iompair maoiniú ar fáil go príomha le haghaidh bóithre réigiúnacha agus áitiúla díreach chuig na húdaráis áitiúla (€692 milliún sa bhliain 2024). Cuirtear maoiniú ar fáil do bhóithre náisiúnta agus do ghlasbhealaí trí Bhonneagar Iompair Éireann (€445 milliún agus €63 milliún faoi seach sa bhliain 2024). Cuirtear maoiniú ar fáil le haghaidh iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh tríd an Údarás Náisiúnta Iompair (€28.9 milliún agus €324 milliún faoi seach sa bhliain 2024).

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €24 milliún ar fáil d'údaráis áitiúla do bhóithre áitiúla príobháideacha agus nach bhfuil á gcothabháil go poiblí.

Tacaíonn roinnt údarás áitiúil lena gcaiteachas ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ó leithdháileadh na cánach maoine áitiúla (€16.5 milliún sa bhliain 2024).

**Fíor 2.6 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla chun infheistíocht a dhéanamh san iompar poiblí, 2019 – 2024**




**Fíor 2.7 Infheistíocht iompair de réir na heagraíochta agus an róil, 2024[c]**




Foinse: An Roinn Iompair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Nótaí:
a Cuirtear san áireamh an maoiniú do bhonneagar carranna leictreacha.
b Áirítear leis maoiniú do ghlasbhealaí.
c Ní chuirtear san áireamh san fhíor seo an maoiniú €16.5 milliún ó leithdháileadh na cánach maoine áitiúla le caitheamh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.
d Áirítear leis sin maoiniú thart ar €6 mhilliún do thaisteal gníomhach.

## Cuid 4 Tionscnaimh chomhshaoil

Soláthraítear maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh réimse seirbhísí comhshaoil. Áirítear leis na seirbhísí sin tionscadail uisce agus sláintíochta, bainistíocht dramhaíola agus cosaint tuilte.

Chuir an Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú €62 milliún ar fáil d'údaráis áitiúla le haghaidh costais chlaochlaithe uisce sa bhliain 2024. Cuireadh an maoiniú seo ar fáil tríd an gCiste Rialtais Áitiúil. Tá an maoiniú le haghaidh seirbhísí atá fós á soláthar ag údaráis áitiúla a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce (is é sin le rá, seirbhísí uisce 'tréigthe'). Is forchostais chorparáideacha iad na seirbhísí seo den chuid is mó (m.sh. TF, acmhainní daonna, srl.) a íocann na húdaráis áitiúla astu ach a bhaineann le gníomhaíocht Uisce Éireann.

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí maoiniú timpeall €46 milliún ar fáil d'údaráis áitiúla d'oibreacha cosanta tuilte sa bhliain 2024 (2023: €31 milliún).

**Fíor 2.8 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla do thionscnaimh chomhshaoil, 2019 – 2024**




**Fíor 2.9 Tionscnaimh chomhshaoil — foinsí agus cuspóirí an mhaoinithe, 2024**




Foinse: Aguisín 2A

Nótaí: a Cuirtear san áireamh maoiniú €62 milliún ón gCiste Rialtais Áitiúil.

b Cuirtear san áireamh maoiniú €22,000 ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## Cuid 5 Cláir chaipitil éagsúla

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú de bheagnach €33.7 milliún ar fáil (2023: €42 milliún) d'údaráis áitiúla don chlár LEADER. Chuir sé maoiniú thart ar €32.7 milliún ar fáil do scéimeanna aitheantais agus feabhsúcháin pobail freisin.

Chuir an Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú €26.5 milliún ar fáil do Chomhairle Contae Lú sa bhliain 2024 do thionscadal Dhroichead Chaol Uisce.

Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maoiniú caipitil timpeall €12 milliún ar fáil sa bhliain 2024 (2023: €37 milliún) do thionscadail forbartha calafoirt.

**Fíor 2.10 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla do chláir chaipitil ilghnéitheacha, 2019 – 2024[a]**




**Fíor 2.11 Cláir caipitil ilghnéitheacha — foinsí agus cuspóirí an mhaoinithe, 2024[b]**




Foinse: Aguisín 2A

Nótaí:
a Léirítear an maoiniú comhlán anseo. Ní chuirtear aisíocaíochtaí de €600,000 ó údaráis áitiúla san áireamh.
b D'fhéadfadh nach dtiocfadh roinnt méideanna leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

## Cuid 6 Scéimeanna fostaíochta agus gnó

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail thart ar €57.5 milliún ar fáil (2023: €55 milliún) d’údaráis áitiúla don Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) (féach Fíor 2.12). Cuireadh timpeall €11 milliún (2023: €9.7 milliún) den mhaoiniú ar fáil le haghaidh tacaíochtaí do dhaoine díláithrithe mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin.

Sa bhliain 2024, chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, trí Fhiontraíocht Éireann, thart ar €52.5 milliún (2023: €47 milliún) ar fáil d’údaráis áitiúla don chlár fiontair áitiúil a sholáthair na hoifigí fiontair áitiúla (OFÁnna).

Sa bhliain 2024, thug an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta isteach dhá thionscnamh tacaíochta sealadacha do ghnólachtaí beaga freisin — an Scéim um Chostas Méadaithe Gnó (ICOB) agus an deontas Cumhachtaithe. Bhí an chéad chéim den ICOB oscailte do gach earnáil, agus dhírigh an dara céim den ICOB, agus an deontas Cumhachtaithe, ar na hearnálacha fáilteachais, miondíola agus áilleachta. Riar na húdaráis áitiúla na scéimeanna thar ceann na Roinne (féach Fíor 2.13).

Rinne an Roinn réamh-mhaoiniú ar na húdaráis áitiúla bunaithe ar líon na ngnólachtaí incháilithe a d’fhéadfadh a bheith i ngach limistéar údaráis áitiúil. Murar úsáideadh an maoiniú, chuir an t-údarás áitiúil an tsuim nár úsáideadh ar ais chuig an Roinn.

**Fíor 2.12 Maoiniú rialtais láir d’údaráis áitiúla le haghaidh scéimeanna fostaíochta, 2019 – 2024**




**Fíor 2.13 Tacaíochtaí gnó arna riaradh ag údaráis áitiúla, 2024[a]**

| | |
|---|---|
| **Scéim Cumhachtaithe — deontas fuinnimh €4,000** | **€167.5 milliún** |
| **Scéim um Chostas Méadaithe Gnó — dhá dheontas suas le €5,000** | **€249.2 milliún** |

Foinse: Aguisín 2A agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Nóta: a Ní áirítear leis seo maoiniú €771,000 a cuireadh ar fáil don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil le haghaidh costais do bhogearraí.

## Cuid 7 Seirbhísí eile

I measc na seirbhísí eile ar thacaigh maoiniú rialtais láir leo bhí €44 milliún (2023: €51 milliún) chun lóistín a chur ar fáil do dhaoine díláithrithe mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin.

Dáileadh suim iomlán de €66 milliún chun tacú le seirbhísí dóiteáin agus éigeandála (2023: €41 milliún). Fuarthas €56.5 milliún den mhaoiniú seo ón vóta Tithíochta. Chuir FSS €9.2 milliún ar fáil chun tacú le Seirbhís Otharchairr Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

Trí bhíthin Spórt Éireann, dháil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán €17.3 milliún (2023: €16.2 milliún) ar údaráis áitiúla.

**Fíor 2.14 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí eile, 2019 – 2024**




**Fíor 2.15 Seirbhísí eile — foinsí agus cuspóirí an mhaoinithe, 2024**




Foinse: Aguisín 2A

Nótaí:
a Déantar sin a bhriseadh síos tuilleadh i bhFíor 2.15 idir seirbhísí ilghnéitheacha agus cóiríocht do mhuintir na hÚcráine.
b Áirítear leis sin: An Comhshaol, an Aeráid agus Cumarsáid (€8 milliún); Cosaint (€4.3 milliún); Dlí agus Cirt €1.8 milliún; Ardoideachas agus Breisoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (€1.2 milliún); Coimirce Shóisialach (€0.9 milliún); Talmhaíocht, Bia agus Mara (€0.7 milliún). D'fhéadfadh nach dtiocfadh roinnt méideanna leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

## Cuid 8 An Ciste Rialtais Áitiúil

Is ciste reachtúil é an Ciste Rialtais Áitiúil (LGF) atá á bhainistiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn). Tagann fáltais LGF ón Státchiste (tríd an Vóta) agus ó na fáltais ón gCáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ). Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim na fáltais CMÁ.

Tá an maoiniú LGF ón Státchiste beartaithe chun cabhrú le húdaráis áitiúla le pá agus pinsin agus le haghaidh scéimeanna ilghnéitheacha.

Gach bliain, déanann an Roinn meastachán ar an toradh iomlán ionchasach CMÁ i ngach údarás áitiúil don bhliain dliteanais ina dhiaidh sin. Meastar ann freisin 'ranníocaíocht um chomhionannú' a theastaíonn ón Státchiste. Úsáidtear na réamh-mheastacháin seo, bunaithe ar shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, chun an leithdháileadh CMÁ a gheobhaidh údaráis áitiúla sa bhliain sin a fháil. Féach Aguisín 2B le haghaidh an ríomha den leithdháileadh CMÁ don bhliain 2024.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh an CMÁ a bhailítear i mbliain ar leith ar aon dul le leithdháiltí na bliana sin. Tá sé seo amhlaidh toisc go bhféadfadh úinéirí maoine a CMÁ a íoc sa bhliain roimh an dliteanas, nó mar íocaíocht dhéanach i mbliain ina dhiaidh sin. Mar shampla, fuarthas €79 milliún d'fháltais CMÁ sa bhliain 2024 don bhliain dliteanais 2025.

Tar éis easnamh thart ar €29 milliún a thaifeadadh sa bhliain 2024, laghdaíodh cúlchistí LGF go dtí thart ar €264 milliún faoi dheireadh na bliana. Tríd is tríd, tá méadú thart ar 167% tagtha ar na cúlchistí ó 2019 i leith (féach Fíor 2.16). Tá sé ráite ag an Roinn gur chuir roinnt imthosca leis na barrachais bhliantúla suas go dtí 2024. Airíodh leo sin maoiniú do chaiteachas tiomanta amach anseo, réamhíocaíochtaí CMÁ agus maoiniú um chomhionannú Státchiste nár caitheadh mar gheall ar fháltais CMÁ níos mó ná mar a ceapadh, lena n-áirítear riaráistí CMÁ. Dúirt an Roinn freisin gur bailíodh €184 milliún i riaráistí CMÁ ó bhí 2021 ann, a cuireadh san áireamh cheana féin mar chuid de leithdháiltí CMÁ i mblianta roimhe seo. Dúradh ann go bhfuil leithdháiltí CMÁ bunaithe ar an mbailiú measta don bhliain dliteanais seachas an t-airgead tirim a fuarthas; agus nach féidir meastachán a dhéanamh roimh ré ar bhailiú riaráistí.

**Fíor 2.16 Cúlchistí dheireadh na bliana agus barrachas/easnamh bliantúil an Chiste Rialtais Áitiúil, 2019 – 2024**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil

Léiríonn an t-easnamh sa bhliain 2024, a eascraíonn den chuid is mó as caiteachas ar chostais thréigthe maidir le claochlú uisce, iarrachtaí na Roinne chun leibhéal foriomlán chúlchistí an LGF a laghdú.

Ag deireadh na bliana 2024, bhí €231 milliún de na cúlchistí dheireadh bliana curtha i leataobh/leithdháilte chun críocha sonracha. Áiríodh leis seo — €85 milliún le haghaidh costais thréigthe maidir le claochlú uisce, beagnach €79 milliún de cháin mhaoine áitiúil réamhíoctha, fáltais de bheagnach €34 milliún le haghaidh maoiniú um chomhionannú CMÁ, agus €3.5 milliún i dtreo costais ilghnéitheacha. Forálann beartas cúlchistí an chiste, a tugadh isteach i mí Iúil 2024, freisin go gcoinneofar €30 milliún de mhaoiniú neamhthiomanta ag deireadh na bliana le haghaidh teagmhas. Ag deireadh na bliana, b'ionann maoiniú neamhthiomanta sna cúlchistí agus os cionn €63 milliún.

## Aguisín 2A Aistrithe an rialtais láir chuig údaráis áitiúla de réir chlár caiteachais, 2019 – 2024[a]

| Catagóir caiteachais | 2019 €m | 2020 €m | 2021 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tithíocht agus athnuachan** | | | | | | |
| Soláthar tithíochta sóisialta | 2,024 | 2,156 | 2,413 | 2,693 | 3,025 | 3,633 |
| Tithíocht inacmhainne, srl. | — | — | 4 | 9 | 20 | 144 |
| Maoiniú bonneagair | 22 | 32 | 16 | 17 | 20 | 16 |
| Tacaíochtaí tithíochta eile | 258 | 340 | 324 | 420 | 536 | 916 |
| Athnuachan | 79 | 67 | 82 | 90 | 99 | 261 |
| | **2,383** | **2,595** | **2,839** | **3,229** | **3,699** | **4,971** |
| **Infheistíocht in iompar** | | | | | | |
| Feabhas ar bhóithre náisiúnta | 330 | 429 | 517 | 449 | 526 | 445 |
| Feabhas ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla | 512 | 573 | 606 | 644 | 685 | 733 |
| Iompar poiblí agus taisteal gníomhach | 40 | 109 | 209 | 348 | 400 | 423 |
| | **882** | **1,111** | **1,332** | **1,441** | **1,611** | **1,601** |
| **Tionscnaimh chomhshaoil** | | | | | | |
| Seirbhísí uisce agus sláintíochta | 107 | 63 | 73 | 74 | 81 | 152 |
| Oibreacha cosanta tuilte | 28 | 31 | 26 | 28 | 31 | 46 |
| Bainistíocht dramhaíola | 23 | 26 | 39 | 37 | 25 | 30 |
| Bearta comhshaoil eile | 6 | 3 | 8 | 13 | 20 | 24 |
| | **164** | **123** | **146** | **152** | **157** | **252** |
| **Cláir chaipitil ilghnéitheacha** | **85** | **103** | **62** | **60**[b] | **107** | **117** |

## Aguisín 2A Aistrithe an rialtais láir chuig údaráis áitiúla de réir chlár caiteachais, 2019 – 2024 (ar lean)

| | 2019 €m | 2020 €m | 2021 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Scéimeanna fostaíochta agus gnó** | | | | | | |
| Scéimeanna fostaíochta | 86 | 91 | 77 | 92 | 108 | 117 |
| Scéim um Chostas Méadaithe Gnó | — | — | — | — | — | 249 |
| Scéim Cumhachtaithe | — | — | — | — | — | 168 |
| | **86** | **91** | **77** | **92** | **108** | **534** |
| **Seirbhísí eile** | | | | | | |
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 13 | 12 | 8 | 33[c] | 41[c] | 66[c] |
| Seirbhís leabharlainne | 6 | 7 | 7 | 4 | 6 | 5 |
| Deontais spóirt, clóis shúgartha agus tionscadail chultúrtha | 30 | 45 | 40 | 49 | 64 | 61 |
| Seirbhísí Oidhreachta | 4 | 5 | 10 | 13 | 16 | 18 |
| Seirbhísí ilghnéitheacha eile | 34 | 48 | 58 | 80 | 135 | 112 |
| | **87** | **117** | **123** | **179** | **263** | **262** |
| **Tacaíochtaí Covid-19** | | | | | | |
| Maoiniú a bhaineann le Covid-19 le haghaidh rátaí tarscaoilte | — | 730 | 423 | 123 | — | — |
| Maoiniú a bhaineann le Covid-19 do ghnólachtaí | — | 687 | 78 | 14 | — | — |
| Cúnamh Covid-19 eile | — | — | 136 | 60 | 4 | — |
| | **—** | **1,417** | **637** | **197** | **4** | **—** |
| Leithdháiltí CMÁ — nach bhfuil sonrach do chlár/atá lánroghnach | 394 | 410 | 422 | 423 | 426 | 504 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le luach saothair íoctha ó LGF | 86 | 109 | 130 | 210 | 354 | 368 |
| | **4,167** | **6,076** | **5,768** | **5,984** | **6,729** | **8,608** |

Foinsí: An Roinn Cosanta; An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; An Roinn Sláinte; An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; An Roinn Dlí agus Cirt; Cuntas Ciste Rialtais Áitiúil; Oifig na nOibreacha Poiblí; An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail; An Roinn Coimirce Sóisialaí; An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; An Roinn Iompair.

Nótaí:

a D'fhéadfadh nach dtiocfadh roinnt fíoracha leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

b Coigeartaíodh an méid sin síos go dtí thart ar €52 milliún mar gheall ar earráid sna suimeanna a chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil roimhe seo nár tháinig chun solais ach le linn imscrúdú 2023.

c Áirítear leis sin maoiniú ar luach thart ar €9 milliún ón Roinn Sláinte, a íocadh tríd FSS, do Sheirbhís Otharchairr Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Níor áiríodh an maoiniú sin sna blianta roimhe mar gheall ar earráid a rinne an Roinn.

## Aguisín 2B An Cháin Mhaoine Áitiúil a Leithdháileadh

Leagtar amach maoiniú ón gcáin mhaoine áitiúil (CMÁ) a fhaigheann gach údarás áitiúil, agus an méid is féidir a úsáid chun críocha na n-údarás áitiúil féin (is é sin le rá, maoiniú lánroghnach) i sceideal leithdháilte bliantúil a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Tá gach údarás áitiúil i dteideal íosmhéid maoinithe a fháil ar a dtugtar maoiniú bonnlíne. Forlíontar leithdháileadh na n-údarás áitiúil nach bhfuil bonn láidir go leor maoine acu chun an maoiniú bonnlíne seo a bhaint amach trí phróiseas ar a dtugtar comhionannú. Sa bhliain 2024, forlíonadh leithdháiltí 21 údarás áitiúil sa bhealach sin.

Tar éis athrú ar an bpróiseas leithdháilte ó 2023, is féidir le húdaráis áitiúla a dtoradh réamh-mheasta CMÁ go léir a choinneáil, toisc go dtagann an maoiniú um chomhionannú ar fad go díreach ón Státchiste anois (€110 milliún sa bhliain 2024) nó ó chúlchistí LGF (€39 milliún sa bhliain 2024).

Tá cead ag údaráis áitiúla an ráta ag a n-íocann úinéirí maoine áitiúla CMÁ a athrú. Nuair a bhíonn údaráis áitiúla éagsúil ó thaobh rátaí de, i gcás go mbíonn an éagsúlacht sin níos airde coimeádann siad an t-ioncam méadaithe, agus i gcás coigeartaithe síos bíonn laghdú ar an leithdháileadh a fhaigheann siad. San iomlán, tháinig laghdú €7 milliún ar leithdháiltí CMÁ sa bhliain 2024 mar gheall ar athruithe áitiúla.

Tá ceanglas ar údaráis áitiúla os cionn na bonnlíne roinnt dá leithdháileadh a úsáid ar chaiteachas tithíochta agus iompair a mhaoineodh an Státchiste murach sin. B'ionann é seo agus €167 milliún san iomlán sa bhliain 2024 (2023: €184 milliún).

| | Údaráis os cionn na bonnlíne | Údaráis faoi bhun na bonnlíne | 2024 Uile | 2023 Uile |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na n-údarás áitiúil** | **10** | **21** | **31** | **31** |
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Toradh tuartha CMÁ iomlán | 365 | 164 | 529 | 499 |
| Maoiniú um chomhionannú | | | | |
| — Ranníocaíocht dhíreach an státchiste | — | 110 | 110 | 110 |
| — Cúlchistí LGF | — | 39 | 39 | 8 |
| **Leithdháiltí CMÁ réamh-athraitheacha** | 365 | 313 | 678 | 617 |
| Coigeartú i leith athruithe áitiúla ar an ráta cánach | [24] | 17 | (7) | (7) |
| | 342 | 329 | 671 | 610 |
| **Díobh seo** | | | | |
| **— d'úsáid ghinearálta an údaráis féin[b]** | **174** | **329** | **504** | **426** |
| **— féin-mhaoiniú tithíochta agus bóithre** | **167** | **—** | **167** | **184** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Nótaí:
a D'fhéadfadh nach dtiocfadh roinnt fíoracha leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.
b Tar éis athbhreithniú bonnlíne, mhéadaigh leithdháileadh CMÁ 2024 lena úsáid féin ag na húdaráis go suntasach, agus fuair gach údarás méadú bonnlíne de €1.5m ar a laghad.